

## **Parlaimint na hEorpa**

### **An Mol Óige**

### **Ráiteas Príobháideachais**

Tá an fhaisnéis anseo thíos bunaithe ar Airteagail 15 agus 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018.

#### **1) Cé a phróiseálann do shonraí pearsanta?**

Tá Parlaimint na hEorpa ag gníomhú mar rialaitheoir<sup>1</sup>. Is é an tAonad um Fhor-rochtain don Óige an t-eintiteas atá freagrach as an bpróiseáil, a ndéanann an Ceann Aonaid ionadaíocht air. Chun teachtaireacht a sheoladh chuig an rialaitheoir sonraí, bain úsáid as an seoladh ríomhphoist seo: [youth@europarl.europa.eu](mailto:youth@europarl.europa.eu).

#### **2) Cad é an cuspóir atá le do sonraí pearsanta a phróiseáil?**

Déanfar do sonraí pearsanta a phróiseáil chun freagra a thabhairt ar do cheisteanna.

#### **Cad é an bunús dlí atá leis an bpróiseáil?**

Is é Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/1725 an bunús dlí atá leis an bpróiseáil. Luaitear in Airteagal 24 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go 'bhféadfaidh gach saoránach den Aontas scríobh chuig aon cheann de na hinstiúidí nó comhlachtaí dá dtagraítear san Airteagal seo nó in Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach i gceann de na teangacha atá luaite in Airteagal 55(1) den Chonradh sin agus freagra a fháil uaidh nó uaidi sa teanga chéanna.'

#### **3) Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseáiltear?**

Déanfaimid an seoladh ríomhphoist a roghnaíonn tú chun cumarsáid a dhéanamh linn a phróiseáil chun freagra a thabhairt ar do cheisteanna. Má chomhroinneann tú sonraí pearsanta breise linn i do chumarsáid, déanfaidh an fhoireann iad a phróiseáil. Ach mar réamhshocrú, níl aon sonraí pearsanta breise seachas seoladh ríomhphoist ag teastáil.

---

<sup>1</sup> Is é an Rialaitheoir an t-údarás, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile poiblí a chinneann, ina aonar nó go comhpháirteach, críocha agus modhanna próiseála na sonraí pearsanta. Déanann ceann an eintitis ionadaíocht ar an rialaitheoir.

#### **4) Cén chaoi a bpróiseálfar do shonraí pearsanta?**

Déanfaidh an fhoireann anailís ar ábhar do cheiste chun an freagra is fearr a thabhairt duit. Más gá, féadfar dul i gcomhairle le seirbhísí eile de chuid na hinstitiúide. Próiseálfar do sheoladh ríomhphoist chun freagra a thabhairt ar do cheist.

#### **Cá fhad a dhéanfar do shonraí pearsanta a stóráil?**

Stórálfar do shonraí pearsanta i gcartlanna ríomhphost an Aonaid don ghnáth-thréimhse coinneála ríomhphoist, ar tréimhse trí mhí í ón dáta a fhaightear iad, agus ina dhiaidh sin scriosfar go huathoibríoch iad. Stórálann an tAonad sonraí pearsanta le linn na tréimhse ama sin chun déileáil le fiosrúcháin.

#### **5) Cé hiad faighteoirí do shonraí pearsanta?**

Chun déileáil go héifeachtúil le d'fhiosrúchán, féadfar do theachtaireacht a tharchur chun freagra nó comhairliúchán a fháil ina taobh chuig aon seirbhís eile de chuid PE, chuig Europe Direct nó chuig seirbhís ábhartha eile de chuid an Aontais Eorpaigh.

#### **6) An gcomhroinnfear do shonraí pearsanta le tír nach bhfuil san Aontas Eorpach nó le heagraíocht idirnáisiúnta?**

Ní dhéanfar sin, ní chomhroinnfear do shonraí pearsanta le tír nach bhfuil san Aontas Eorpach ná le heagraíocht idirnáisiúnta.

#### **7) An bhfuil aon phróisis uathoibríocha<sup>2</sup> agus/nó próifiliú<sup>3</sup> ann a úsáidtear chun cinntí a dhéanamh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh duit?**

Níl.

#### **8) Mura bhfuarthas sonraí pearsanta uait, cad é is foinse dóibh?**

Neamhbhainteach.

#### **9) Cad iad na cearta atá agat?**

- An ceart chun do chuid sonraí pearsanta a rochtain
- An ceart go ndéanfaí do shonraí pearsanta a cheartú, agus i gcás inarb infheidhme:
  - An ceart go ndéanfaí do chuid sonraí pearsanta a scriosadh
  - An ceart srian a chur le próiseáil
  - An ceart cur i gcoinne próiseála
- An ceart chun iniomparthacht sonraí
- An ceart chun teagmháil a dhéanamh le hoifigeach cosanta sonraí Pharlaimint na hEorpa ag [data-protection@europarl.europa.eu](mailto:data-protection@europarl.europa.eu)
- An ceart chun gearán a dhéanamh leis an [Maoirseoir Eorpachar Chosaint Sonraí](#) ag [edps@edps.europa.eu](mailto:edps@edps.europa.eu)

---

<sup>2</sup> Cinneadh a dhéanamh trí mhodhanna uathoibríthe amháin agus gan aon bhaint ag an duine leis.

<sup>3</sup> Le próifiliú, déantar anailís ar ghnéithe de phearsantacht, d'iompar, d'ábhair spéise agus de nósanna duine aonair chun tairngreachtaí nó cinntí a dhéanamh fúthu. Úsáidtear é chun anailís nó tuar a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann le feidhmíocht an ábhair sonraí ag an obair, le staid eacnamaíochta, le sláinte, le roghanna pearsanta nó le díol spéise, le hiontaofacht nó le hiompar an duine sin, leis an áit ina bhfuil sé nó lena ghluaiseachtaí, etc.